Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2023
(OR. en)

10922/23
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0249(NLE)

PECHE 253

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)<br>- Ráiteas ón gCoimisiún |

## Ráiteas ón gCoimisiún

Lena breith i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir maidir le cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích go bhfuil siad go hiomlán faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích), agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.

I ndáil leis an gCinneadh maidir le tabhairt i gcrích Prótacail lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026), is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.